

CEANNAIRÍ ÁBHAIR DON tSRAITH SHÓISEARACH DO MHÚINTEOIRÍ Cur Síos Poist agus Nótaí Ginearálta

1. Forléargas

Soláthraíonn Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM), atá faoi threoir na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) agus á óstáil ag Ionad Oideachais Mhuineacháin, tacaíocht sa bhforbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí nuair a bhíonn straitéisí agus cleachtais á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm acu chun Creat na Sraithe Sóisearaí (2015) a thabhairt isteach i scoileanna.

Tugann an SSM faoi chultúr don fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chothú i measc múinteoirí mar chuid de chlár forbartha leanúnach scoileanna, chun foghlaim ar feadh an tsaoil, cleachtais mhachnamhacha agus bunaithe ar fhiosrú a spreagadh.

I gcomhréir le hImlitir 79/2018, tá an Creat á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe a thosaigh le Béarla i mí Mheán Fómhair 2014. Chuir an SSM, i mí Dheireadh Fómhair 2013, tús leis an soláthar ar chlár cuimsitheach agus fadtéarma FGL do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí. Faoi láthair, tá FGL á ofráil ag an SSM do mhúinteoirí Béarla, Eolaíochta, Staidéar Gnó, Gaeilge, Nuatheangacha Iasachta, FGL & Tacaíocht don Scoil Uile, Eacnamaíocht Bhaile, Tíreolaíochta, Staire, Ceoil, Matamaitice, Amharcealaíona, Teicneolaíochta (Teicneolaíocht Fheidhmeach, Teicneolaíocht Adhmaid, Innealtóireacht, Grafaicí) Oideachas Reiligiúnach agus Léann Clasaiceach, d'fhoirne uile, do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí Gearrchúrsaí, Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1) agus Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2). Tairgtear cuid den Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach I suíomhanna scoile uile

Nuair a bhíonn próiseas na n-agallamh thart, cruthóidh Ionad Oideachais Mhuineacháin painéil óna ndéanfar iarrthóirí rathúla a cheapadh mar Ceannairí Ábhair í don scoilbhliain 2019/20.

Ba chóir iarratais a sholáthar trí fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú agus a chur isteach. Is é an spriocdháta do na hiarratais ná Déardaoin 21 Feabhra ar 3i.i.n.

Cuirtear tacaíocht don fhorbairt ghairmiúil ar fáil go réigiúnach, i gcomhpháirt le scoileanna, chun freagairt do riachtanais a eascraíonn ó fheidmiú an Chreata. Bíonn príomhról ag gréasán na n-ionad



oideachas in obair na seirbhíse agus bíonn an SSM ag obair go dlúth leis na hionaid d'fhonn tacú leis na riachtanais áitiúla a bhíonn ag scoileanna agus ag múinteoirí.

Tacaíonn an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí le scoileanna ar na bealaí seo a leanas:

- Léirmhíniú agus pleanáil chun straitéisí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs comhchodanna an churaclaim agus an mheasúnaithe don tsraith shóisearach lena n-áirítear na prionsabail, na príomhscileanna agus na ráitis foghlama
- Cleachtais mheastóireachta agus mheasúnaithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an fhoghlaim agus an teagasc a fheabhsú
- Pleanáil do churaclam na sraithe sóisearaí, cleachtais do shocruithe amchláir san áireamh
- Dearbhú cáilíochta dá gcuraclam
- Forbairt chlár/churaclaim, lena n-áirítear gearrchúrsaí agus Clár Foghlama Leibhéal 2
- Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) a leabú sa seomra ranga
- Cleachtais don mheasúnú a fhorbairt

Féadfar breithniú a dhéanamh ar iarratasóirí a bhfuil an dara hábhar acu, atá le tabhairt isteach i gcéim níos déanaí den Chreat don tSraith Shóisearach, le bheith ag obair sa réimse ábhair sin de réir mar a thagann forbairt ar an gclár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.

2. Sainchuntas poist

Beidh cheannairí ábhair ag obair mar chuid d'fhoireann ghairmiúil ildisciplíneach agus tuairisceofar go díreach chuig Stiúrthóir na SSM nó a (h)ainmní. Déanfar comhairleoirí a cheapadh ar chonradh ar bhonn iasachta chuig Ionad Oideachais Mhuineacháin.

Stiúrfaidh an Ceannaire Ábhair foireann comhairleoirí sainábhair a dhéanfaidh forbairt ghairmiúil leanúnach agus acmhainní a dhearadh agus a sheachadadh, agus éascóidh sé/sí forbairt scoileanna ar a gcleachtas sna réimsí a leanas:

- Sonraíocht an ábhair ábhartha don tsraith shóisearach, príomhscileanna agus ráitis foghlama san áireamh
- Litearthacht agus uimhearthacht



- Modhanna foghlama, teagasc agus measúnaithe, lena n-áirítear foghlaim phearsanta agus difreálú, measúnú foirmitheach agus suimitheach
- Cruinnithe don athbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair
- Dearbhú cáilíochta
- Tuairisciú do thuismitheoirí
- Gearrchúrsaí
- Ceannaireacht theagascach

Beidh ar cheannairí ábhair na tascanna a leanas a dhéanamh:

- Foireann a stiúradh maidir le dearadh, forbairt agus seachadadh an chlár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus acmhainní tacaíochta lena n-ábhar a chur chun feidhme sa Chreat.
- FGL a chur ar fáil agus comhairle agus tacaíocht a sholáthar maidir leis an gCreat agus forbairt ghairmiúil a éascú do mhúinteoirí ag baint úsáide as raon modhanna sna réimsí seo a leanas:
 - Cuir chuige oideolaíochta a thacaíonn leis an bhfoghlaim ghníomhach
 - Úsáid na dTeicneolaíochtaí mar uirlis don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú
 - Clár ábhar a phleanáil agus a chur i bhfeidhm mar aon le cleachtas éifeachtach, inbhuanaithe a chruthú don mheasúnú
 - Tacú le cruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair
 - Ábhar digiteach ábhartha
- Oibriú le múinteoirí agus eiseamláirí a léiriú ar stráitéisí, cuir chuige agus modheolaíochtaí éifeachtacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú i raon achar curaclaim
- Tacú le FGL chomhoibríoch, scoil-bhunaithe chun a chur ar chumas daoine cuir chuige scoile-uile, grúpaí agus daoine aonair a chothú chun an Creat a chur i bhfeidhm
- Cur leis an tacaíocht gréasánbhunaithe a chothabháil agus a fhorbairt
- Tacú leis na Teicneolaíochtaí Digiteacha a leabú sa bhfoghlaim agus sa teagasc mar aon le hábhar digiteach ábhartha a aithint/fhorbairt



- Cur le monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach an chláir FGL don Chreat
- Sineirgí dearfacha a chomhtháthú agus a fhorbairt le cláir náisiúnta eile don FGL
- Tuairiscí a chur le chéile agus a sholáthar go leanúnach, agus de réir mar is gá
- Tacú leis an Stiúrthóir, nó a (h)ainmní, de réir mar is gá maidir le gnóthaí oibríochtúla
- Cumarsáid éifeachtach a choinneáil leis an Stiúrthóir, le baill foirne eile agus le gréasán na n-ionad oideachas, de réir mar is cuí
- Pearsanra a oiliúint agus a chur ag feidhmiú de réir mar is gá
- Comhoibriú, cumarsáid agus comhghuaillíocht de réir mar is gá le comhlachtaí ábhartha (m.sh. comhlachtaí stáit, seirbhísí tacaíochtaí ROS eile, gréasáin ghairmiúla múinteoirí /pobail fhoghlama, institiúidí tríú leibhéal, coláistí oideachais, ceannairí scoile agus eagraíochtaí bainistíochta) ar mhaithe le freastal ar riachtanais mhúinteoirí
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe réigiúnacha agus eile agus i ndeiseanna don fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chuireann foireann FGL na Sraithe Sóisearaí ar fáil
- Comhoibriú le meastóirí seachtracha na seirbhísí
- Glacadh le freagrachtaí eile nuair is gá ó am go ham de réir mar a bhíonn riachtanais agus tosaíochtaí eile ag teacht chun cinn

D'fhéadfadh go ndéanfaí cheannairí ábhair a dháileadh freisin lena dheimhniú gur féidir leis an bhfoireann SSM freagairt go réamhghníomhach chun freastal ar riachtanais/thosaíochtaí a bhíonn ag eascirt don soláthar FGL lena n-áirítear dáileadh oibre le, nó thar ceann, seirbhísí tacaíochtaí eile de chuid na ROS.

3. Raon eolais, taithí agus scileanna atá riachtanach:

Go hidéalach, beidh an raon saineolais seo a leanas ag an iarratasóir:

Eolas ar an ábhar/teagasc

- Taithí ar an ábhar a theagasc ag an iar-bhunleibhéal trí mheán na Gaeilge agus/nó trí mheán an Bhéarla
- Taithí agus saineolas ar mhodheolaíochtaí don fhoghlaim ghníomhach a úsáid a chothaíonn rannpháirtíocht scoláirí leis an gcuraclam mar aon le forbairt na litearthachta - litearthacht



dhigiteach san áireamh – agus scileanna uimhearthachta

- Eolas agus taithí maidir le scoláirí le riachtanais speisialta oideachais (RSO) a theagasc
- Tuiscint ar an ról a bhaineann le taighde mar bhonn eolais don bharrchleachtas
- Inniúlacht i dTeicneolaíochtaí Digiteacha a leabú sa teagasc, sa bhfoghlaim agus sa mheasúnú

Eolas ar an gCóras Oideachais agus ar Fhorbairtí Curaclaim, an tSraith Shóisearach san áireamh

- Eolas agus tuiscint ar an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), ar pháipéir chúlra ábhartha na CNCM agus/nó ar shonraíocht(aí) ábhair mar aon le heolas ar fhorbairt agus ar phróiseas comhairliúcháin d'ábhair, do ghearrchúrsaí, don Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú agus don Fhoireann Uirlisí do Chláir Foghlama Leibhéal 2.
- Eolas ar an gcóras oideachais agus grinneolas ar churaclam agus ar mheasúnú ag an leibhéal iar-bhunscoile
- Feasacht ar fhorbairtí reatha curaclaim agus measúnachta i mbunscoileanna.
- Eolas agus feasacht ar tírdhreach an pholasáí i gcoitinne, straitéisí rialtais san áireamh, a bhaineann leis an réimse ábhair
- Eolas agus feasacht ar insealbhú T1 agus T2
- Tuiscint ar riachtanais reachtúla eile do scoileanna (Alt 24 den Acht Oideachais 1998 san áireamh)

Eolas agus Taithí ar Mheasúnú

- Taithí agus saineolas ar mheasúnú leanúnach
- Tascanna bailí agus iontaofa a dhearadh don mheasúnú
- Torthaí foghlama a léirmhíniú agus a fheidhmiú
- Nósanna imeachta éifeachtacha don mheasúnú a fheidhmiú
- Measúnú ag baint úsáide as gnéithe den cháilíocht/ critéir ratha/ tuairiscíní leibhéal
- Forbairt ar phunainn scoláirí a eascú
- Eolas agus taithí ar chleachtais éifeachtacha don mheasúnú

Scileanna Cur i Láthair agus Cumarsáide

- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide
- Scileanna scríbhneoireachta cumasacha



- An cumas cuir i láthair ó bhéal agus ilmheáin a sholáthar do ghrúpaí múinteoirí
- Dea-scileanna éascaithe agus idirghabhála
- Caithfidh sárscileanna scríofa agus labhartha i nGaeilge a bheith ag iarratasóirí don phost mar Chomhairleoir Gaeilge. Beidh ardleibhéal líofachta Gaeilge chun cumarsáid agus obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge mar bhunriachtanas don phost seo.
- Bheadh líofacht Ghaeilge chun cumarsáid agus obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge mar bhuntáiste do phoist na gComhairleoirí eile

Taithí ar FGL a Dhearadh agus/nó a Sholáthar

- Taithí ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí a dhearadh agus/nó a sholáthar lena n-áirítear fianaise maidir leis an acmhainn chun machnamh, fiosrú agus taighde rangbhunaithe an mhúinteora a ghríosadh
- Cumas dul i mbun oibre i sainréimsí agus i réimsí cineálacha oibre

Scileanna Bainistíochta agus Ceannaireachta

- Fís shoiléir maidir le ról agus obair Cheannaire Ábhair na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí
- Taithí ar cheannaireacht a sholáthar i gcuraclam agus teagasc
- Eolas agus taithí ar bhainistíocht athraithe
- Cumas chun tacú le feabhsú na scoile uile
- Cumas obair daoine eile a eagrú agus a chomhordú go gníomhach
- Cur chuige fiontraíochta maidir le tascanna agus cumas gnéithe nuálacha agus dúshlánacha den obair a dhéanamh

Scileanna Eagrúcháin agus TFC

- Úsáid na dTeicneolaíochtaí Digiteacha sa bhfoghlaím agus sa teagasc agus chun tacú le hathruithe
- Sárscileanna eagrúcháin, bainistíochtaí agus Teicneolaíochtaí Digiteacha
- Cumas obair go neamhspleách nó mar bhall d'fhoireann
- Solúbthacht chun freastal ar riachtanais na heagaríochta, lena n-áirítear a bheith sásta taisteal agus /nó obair um thráthnóna de réir mar is gá



4. Suíomh:

- Cuirfear iarrthóirí rathúla ar iasacht chuig Ionad Oideachais Mhuineacháin agus déanfaidh siad tuairisc don fhoireann bhainistíochta SSM
- Níl sé riachtannach don chomhairleoir a bheith lonnaithe in Ionad Oideachais Mhuineacháin. Áfach, beidh air/uirthi taisteal ann agus go háiteanna eile nuair is gá
- Beidh ar an té a n-éiríonn leis a m(h)odh iompair féin a bheith aige/aici, chomh maith le ceadúnas iomlán tiomána.
- Beidh feidhm ag rátaí taistil agus cothabhálaana Seirbhíse poiblí agus déanfar iad a ríomh ó d'Ionad Oideachais ainmnithe áitiúil, nó ó do sheoladh baile, de réir mar is cuí

5. Incháilitheacht

- Tá an post seo ar oscailt do gach múinteoir cáilithe a bhfuil post aitheanta acu i scoil aitheanta.
- Déanfar iasachtaí a cheapadh de réir théarmaí Chiorlcáin Iasachta an ROS - is é sin 0029/2018, faoi láthair
- Ceapfar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo ar bhonn iasachta ar feadh bliain scoile amháin, faoi réir tréimhse thrí mhí phromhaidh a chomhlánú go sásúil
- Beidh an ceapachán faoi réir athbhreithnithe bliantúla agus faoi réir faomhadhan údaráis scoile/Bord Bhainistíochta agus na Roinne Oideachais agus Scileanna

Ceadú na Roinne Oideachais agus Scileanna

- Beidh gach ceapachán faoi réir cheadaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Ní féidir tairiscint chinnte a dhéanamh sula a dtabharfar ceadú

Conradh

- Beidh ar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo conradh iasachta a shíniú, a bheidh mar chuid den bpróiseas leanúnach feidhmíochta agus forbartha.

Eile

- Beidh gach ceapachán faoi réir fianaise ar imréitigh Ghrinnfhiosrúcháin an Garda Síochána agus fianaise ar thaifead sásúil saoire breoiteachta á sholáthar ag an iarrthóir rathúil chuig Ionad Oideachais Mhuineacháin
- Beidh gach ceapachán faoi réir teistiméireachtaí sásúla a fháil, lena n-áirítearsin ó fhostóir reatha an iarrthóra
- Forchoimeádann an Coiste Bainistíochta, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an ceart an post a athfhógairt i gcás go meastar nach bhfuil dóthain iarrthóirí incháilithe ann. Cuirfear iarrthóirí incháilithe ar an eolas agus tabharfar an rogha dóibh a n-iarratais a fhágáil ar thaifead ag an Ionad.
- Beidh ar an té a n-éiríonn leis/léi oibriú ar son Ionad Oideachais Mhuineacháin amháin, agus níl cead aon phost eile a ghlacadh le linn a c(h)onartha gan an faomhadh cuí a fháil.

6. Tuarastal

I gcás iasachta tá tuarastal Ceannaire Ábháir de réir Chatagóir 3 mar a fhoráiltear le Gradam Eadrána 2003 maidir le múinteoirí ar iasacht, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.

Tá luach saothair i gcónaí faoi réir bheartais agus rialacháin ábhartha ROS nó na Roinne Poiblí maidir le Caiteachas agus Athchóiriú Poiblí. Beidh feidhm ag Ciorcláin reatha na Roinne Oideachais agus Scileanna - is é sin 0051/2018, faoi láthair

Tá Ceannaire Ábháir (iontrálaí chun teagasc roimh 2011) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)hointe ábhartha ar an Bhunscála Coiteann Múinteoirí, móide
- Liúntas bunchéime onóracha
- Liúntas Ard-Diplóma Onóracha san Oideachas
- An liúntas caighdeánach Chatagóir 3, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Tugtha ar iasacht Catagóir	Post	Bunscála Coiteann Múinteoirí	Céim le hOnórac ha	Onóracha A.D.O Liúntas	Liúntas Caighdeánac h Iasachta
3	Ceannaire Ábháir	Mar a bhaineann le	€4,918 pa	€1,236 pa	€13,146 pa



Tá Ceannaire Ábháir (iontrálaí chun teagasc tar éis 1 Eanáir 2011 agus roimh 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar an Bhunscála Coiteann Múinteoirí, móide
- Liúntas Ard-Diplóma Onóracha san Oideachas má tá liúntas den chineál sin ag an múinteoir cheana féin
- An liúntas caighdeánach Chatagóir 3, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir na hiasachta	Post	Bunscála Coiteann Múinteoirí	Onóracha A.D.O Liúntas	Liúntas Caighdeánach Iasachta
3	Ceannaire Ábháir	Mar a bhaineann le hábhar	€1,236 pa	€13,146 pa

Tá Ceannaire Ábháir (iontrálaí chun teagasc tar éis 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar an Bhunscála Coiteann Múinteoirí, móide
- An liúntas caighdeánach Chatagóir 3, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Tugtha ar iasacht Catagóir	Post	Bunscála Coiteann Múinteoirí	Liúntas Caighdeánach Iasachta
3	Ceannaire Ábháir	Mar a bhaineann le hábhar	€13,146 pa

Ní bheidh gach liúntas cáilíochta agus post freagrachta breise iníoctha le pearsanra ar iasacht atá ag fáil na liúntas iasachta thuas.

Tá an liúntas iasachta iníoctha agus an múinteoir ar iasacht agus ní choinnítear é in aon chumas tar éis thréimhse an iasachta.



7. Nós imeachta roghnúcháin

- Beidh comórtas agallaimh mar chuid den phróiseas roghnúcháin
- D'fhéadfadh measúnú scríofa a bheith mar chuid den phróiseas roghnúcháin do phost an Ceannaire Ábhair Gaeilge
- Ní dhéanfar iarratais a thagann i ndiaidh an spriocdháta a mheas
- Bunófar coiste roghnúcháin chun plé le gach gné den phróiseas roghnúcháin
- D'fhéadfadh go mbeadh gearrliostú i gceist
- Is ar na hiarratasóirí atá an fhreagracht iad féin a bheith ar fáil don agallamh, má fhaigheann siad cuireadh chun agallaimh. Ba chóir d'iarratasóirí a bheith san airdeall nach mbeifear ábalta dáta eile a sholáthar
- Iarrfar orthu siúd a ghlaofar chun agallaimh cur i láthair cúig nóiméad a dhéanamh don phainéal dírithe ar fhís an iarratasóra don phost agus an t-ionchur a d'fhéadfadh a bheith aige/aici i bhforbairt ghairmiúil múinteoirí agus é/í leis an SSM
- Beidh iarratasóirí freagrach as gach costas a bhaineann leis an iarratas agus an agallamh
- Dícháileofar de bharr canbhasáil go díreach nó go hindíreach

8. Scaoileadh ón bPost Reatha

- Is faoin iarrthóir a n-éiríonn leis/léi toilteanas a (h)údarás scoile/ Bord Bainistíochta a aimsiú chun glacadh leis an bpost.
- Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí rathúla ar fáil chun tosú ar an phost a luaithe a cheanglaítear ag an SSM.
- Beidh gealltanais ar scaoileadh ó d'fhostóir de dhíth. Ar thairiscint a fháil iarrfar ar an iarrthóir rathúil dearbhú láithreach a lorg ón bhfostóir aige / aici chun aontú le scaoileadh an iarrthóra rathúil de réir na foirme iarratais atá ceangailte leis an gcioclán iasachta 29/2018, a éilíonn Cuid 3 den fhoirm iarratais a bheith sínithe ag Príomhoide na Scoile agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta / Príomhfheidhmeannach (ETB amháin).

9. Ceisteanna

Ba cheart aon cheist a bhaineann leis an doiciméad seo a sheoladh ar ríomhphost chuig an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ag info@jct.ie